# Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

# Nuachtlitir Tionscadail

**Nuachtlitir uimh. 3**



**Deireadh Fómhair 2022**

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works
Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council
ARUP



## Réamhrá

Ó foilsíodh Nuachtlitir an tionscadail dheireanach (Deireadh Fómhair 2021), tá grúpa stiúrtha an tionscadail ag leanúint ar aghaidh ag obair ar fhorbairt na scéime. Tá dul chun cinn suntasach déanta san anailís agus san aithint ar an bhfadhb riosca tuilte i nGaillimh. Is éard a bheidh i gceist leis na chéad chéimeanna eile ná roghanna faoisimh tuilte féideartha a fhorbairt agus a mheasúnú do limistéar na scéime.

Leagtar amach go mion thíos na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu ón nuachtlitir dheireanach.

## Suirbhéanna

Sa tréimhse dheireanach, tá an suirbhé topagrafach, cosanta tuilte agus tairseach réadmhaoine críochnaithe ag Murphy Geospatial. Is é cuspóir na suirbhéanna seo ná ingearchlónna talún a thugann eolas don mhúnla hiodrálach agus do dhearadh na scéime a ghabháil agus a fhíorú.

Sa tréimhse dheireanach chomh maith, chríochnaigh Amelio Utilities Ltd suirbhéanna ar roinnt lintéir agus píopaí uisce stoirme laistigh de Lár Chathair na Gaillimhe, lena n-áirítear lintéar Srath na gCaiseal. Thug sonraí an tsuirbhé seo eolas do mhúnla hiodrálach na scéime.

Cuireadh tús freisin le suirbhé ar éin gheimhridh an geimhreadh seo caite agus leanfar leis sna míonna atá le teacht thar thréimhse an gheimhridh.

## Anailís Hidreolaíoch

Tá an anailís hidreolaíoch don scéim críochnaithe. Áiríodh leis seo suirbhéanna agus anailís ar thrasghearrthacha ar Abhainn an Chláir agus Abhainn na Gaillimhe. Is príomhionchuir iad aschuir an staidéir seo san anailís hiodrálach ar limistéar na scéime.







## Anailís Hiodrálacha

Is é cuspóir na hanailíse hiodrálach ná méid na faidhbe reatha tuilte laistigh de limistéar na scéime a thuiscint do raon imeachtaí stoirme / tréimhsí fillte, lena n-áirítear cásanna athraithe aeráide. Tá múnla hiodrálach forbartha agus tá sé beagnach críochnaithe. Áirítear leis seo meicníochtaí tuilte abhann, taoide agus tonnta. Déanfar léarscáiliú fairsinge tuilte athbhreithnithe ag baint úsáide as na sonraí is déanaí a tháirgeadh mar aschur ón múnla seo. Bainfear úsáid as an léarscáiliú seo chun eolas a thabhairt d'fhorbairt na roghanna faoisimh tuilte.

## Measúnú Timpeallachta

Leanfar le suirbhéanna comhshaoil de réir mar is gá. Tá an Staidéar ar Shrianta agus Deiseanna tugtha chun críche, agus is é an cuspóir atá leis eolas a thabhairt don phróiseas forbartha roghanna. Leanfar ag nuashonrú léarscáile gréasáin an tionscadail ar an suíomh Gréasáin chun na tacair sonraí ábhartha a chur san áireamh.



## Ceardlann Chomhoibritheach Oscailte

Reáchtáladh an cheardlann seo ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2021 agus bhí ionadaithe ó roinnt eagraíochtaí geallsealbhóirí i láthair. Ba é cuspóir na ceardlainne saincheisteanna, srianta agus deiseanna a d'fhéadfadh eolas a thabhairt d'fhorbairt na Scéime a aithint agus a phlé, agus féachaint an bhféadfadh agus conas a d'fhéadfadh an Scéim tairbhí iolracha a chruthú agus/nó cuspóirí seachas bainistíocht riosca tuilte a chomhlíonadh.

## Na Chéad Chéimeanna Eile:

**Suirbhéanna:** Chomh maith leis na suirbhéanna leanúnacha agus críochnaithe, déanfar tuilleadh suirbhéanna draenála agus fóntais de réir mar is gá sna míonna amach romhainn.

**Imscrúduithe Geoiteicniúla:** Tá sé sceidealaithe freisin tús a chur le himscrúdú geoiteicniúil ar limistéar na scéime, go háirithe nuair atá cosaintí tuilte beartaithe. Is é cuspóir an tsuirbhé seo eolas a chur ar dhearadh na scéime a bheidh mar bhonn eolais do mheastachán costais an tionscadail.

**Roghanna:** Tar éis léarscáiliú fairsinge tuilte a tháirgeadh, cuirfear tús le forbairt roghanna faoisimh tuilte. Déanfar tuilleadh anailíse hiodrálach chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bheidh ag roghanna éagsúla faoisimh tuilte a chur i bhfeidhm lena chinntiú nach méadóidh na cosaintí tuilte atá beartaithe an baol tuilte in aon áit eile. Nuair a bheidh na roghanna forbartha, déanfaidh raon geallsealbhóirí iad a mheas maidir le critéir éagsúla comhshaoil, theicniúla, shóisialta agus eacnamaíocha.

**Lá Rannpháirtíochta Poiblí 2:** Tá sé beartaithe an dara lá rannpháirtíochta poiblí a reáchtáil go luath in 2023 chun na léarscáileanna riosca tuilte a chur i láthair an phobail agus chun aiseolas a bhailiú ar na roghanna faoisimh tuilte féideartha.

## Amlíne Achomair don Tionscadal




Foilseofar an t-eolas ar fad maidir leis an scéim/tionscadal ar [www.coiribgocosta.ie](http://www.coiribgocosta.ie)

### Tá do Thuairim ag Tábhacht

**Má tá aon eolas agat a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don fhoireann tionscadail (m.sh. píosaí scannáin de thuilte roimhe seo), téigh i dteagmháil linn ag baint úsáide as ár sonraí teagmhála.**



**www.coiribgocosta.ie**

### Eolas Breise & Sonraí Teagmhála

Tá tuilleadh eolais maidir leis an dul chun cinn foriomlán atá déanta chomh maith le míreanna nuachta reatha agus tuarascálacha tionscadail, le fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail Coirib go Cósta. Is féidir teagmháil a dhéanamh freisin leis an bhfoireann tionscadail ag na seoltaí a leanas:


Seoladh Ríomhphoist:

coiribgocosta@arup.com

Seoladh Poist:

**Arup – Galway City Flood Relief Scheme**
**Project Manager**
**Corporate House,**
**City East Business Park, Ballybrit**
**Galway**
**H91 K5YD**

Phone No.: **(091) 894700**